# Nuacht Neachtain

## Aibreán, 2024.

### CÓINEARTÚ 2024

Comhghairdeas le páistí Rang 7 a ghlac le sacraimint an Chóineartaithe in Eaglais Naomh Pádraig, Dé Sathairn, 13 Aibreán. Lá beannaithe ómóis a bhí ann agus tá muid uilig iontach bróduil as na páistí as an ullmúchán agus cur i láthair iontach dá gcuid ar an lá. Buíochas ó chroí le Múinteoir Fionnuala as a cuid dianoibre, le Cór Neachtain, le ceoltóirí, le tuismitheoirí agus leis an fhoireann as a gcuid taca.

### TUISMITHEOIRÍ RANG 6: BUÍOCHAS

Buíochas ó chroí le tuismitheoirí Rang 6 as na sólaistí iontacha a chuir siad ar fáil do theaghlaigh agus cairde i ndiaidh Aifreann an Chóineartaithe. Cuireadh fáilte mhór rompu ar an lá. Is mór againn go léir an t-am, an fhlaithiúlacht agus an dianobair de bhur gcuid. Go raibh míle maith agaibh!

### ACHAINÍ TRÓCAIRE

Buíochas ó chroí le páistí, tuismitheoirí agus foireann na Gaelscoile agus na Naíscoile, as an tabhartas an-fhlaithiúil a thug sibh d'achainí *Thrócaire* i mbliana. Buíochas ar leith do thuismitheoirí as ar thug sibh do dhíolachán cístí Déardaoin Chorp Chríost. Idir an díolachán cístí agus gus cúpla lá gan éadaí scoile, saothraíodh £458. Chuir Gaelscoil Neachtain £475 chuig Trócaire. Go raibh míle maith agaibh.

### AN CHÉAD AITHRÍ

Comhghairdeas le páistí Rang 4 a rinne a gCéad Aithrí in Eaglais Naomh Pádraig, tráthnóna Dé Céadaoin, 24 Aibreán. Buíochas le Múinteoir Ellen as na páistí a ullmhú agus le gach ball foirne a thug taca di.

### SCIATH BLIOTZ TEARMANN CHAINIGH

Comhghairdeas le cailíní EC2 a bhain an sciath ag blitzchomórtas peile Tearmann Chainnigh Déardaoin, 18 Aibreán. Maith sibh!!

### CONFIRMATION 2024

Congratulations to the children of Rang 7 who received the Sacrament of Confirmation in St Patrick's Church, on Saturday, 13th April. The day was a very sacred, respectful occasion and we are very proud of the children for their great preparation and presentation. Sincere thanks to Múinteoir Fionnuala for her hard work, and to Cór Neachtain, the musicians, parents and all staff for their support.

### RANG 6 PARENTS: THANKS

Sincere thanks to our Rang 6 parents for the great refreshments they provided for family and friends after the Confirmation Mass. They were very welcome on the day. We all appreciate very much your time, generosity and hard work. Go raibh míle maith agaibh!

### TRÓCAIRE CAMPAIGN

Sincere thanks to Naíscoil and Gaelscoil children, parents and staff for your very generous support of various activities for this year's *Trócaire* campaign. Particular thanks to Rang 7 parents for all contributions to the Holy Thursday cake sale. Between the cake sale and two non-uniform days, £458 was raised. The Gaelscoil sent a cheque for £475 to Trócaire. Go raibh mile maith agaibh.

### FIRST CONFESSION

Congratulations to the children of Rang 4 who made their First Confession in St Patrick's Church on Wednesday evening, 24th April. Thanks to Múinteoir Ellen for preparing the children and to all staff who supported her.

### TERMONCANICE BLITZ SHIELD

Congratulations to the KS2 girls who won the shield at the Termoncanice football blitz last Thursday. Maith sibh!!

**LÁ MÓR ROTHAÍOCHTA!**

Déanfaidh Donna McFeely seisiún traenála *Pedal Ready / Cycle Skills* a threorú le páistí as Eochairchéim 2 Dé Máirt, 30 Aibreán. **Ní mór do pháistí atá ag glacadh páirte a rothair féin agus a clogaid féin a thabhairt leo.** Go raibh maith agat.

**MÍ NA BEALTAINE - MÍ MHÓR SPÓIRT!**

Beidh mí na Bealtaine ina mhí mhór spórt agus cuid mhaith deiseanna ag páistí na Gaelscoile bheith páirteach i réimse mhór comórtas.
Tá cuireadh faighte ag cailíní EC2 bheith páirteach i gCorn Lorna Moore, comórtas camógaíochta, Gort nAchaidh, Dé hAoine, 3 Bealtaine.
Beidh idir ghasraí agus ghirseacha EC2 rannpháirteach i gCorn an tSagairt Uí Ghallchóir, comórtas peile i nGleann na Fochaine, Dé hAoine, 10 Bealtaine.
Beidh cailíní EC2 rannpháirteach i mblitzchomórtas peile Dé Luain, 13 Bealtaine, i nGleann an Iolair agus beidh blitzchomórtas camógaíochta ag na cailíní Dé hAoine, 17 Bealtaine i mBaile na Scríne.
Beidh gasraí EC2 rannpháirteach i blitzchomórtas peile Déardaoin, 23 Bealtaine I nGleann an Iolair.
Beidh Corn na nGaelscoileanna ann i bPáirc na gCeilteach, Doire, Dé hAoine, 31 Bealtaine chun fás an Ghaeloideachais i gCathair Dhoire a cheiliúradh. Beidh idir ghasraí agus chailíní páirteach sa chomórtas seo.
Tuilleadh eolais ar na himeachtaí luaitethuas le teacht.

***OÍCHE SHÓCÚLACH!***

Tá Cairde Neachtain ag socrú *Oíche Shócúlach* chun maoiniú a bhfuil géarghá leis a shaothrú. Rogha fhairsing chúraimí áilleachta a bheas ar fáil ar an oíche. **Ní mór rogha chúraimí a chur in áirithe roimhe ré ag 07856737898.** Beidh an imeacht iontach siamsúil seo ann Dé Luain, 13 Bealtaine, i Halla Ghlór Dhún Geimhin, ag toiseacht ar 6in. Imeacht ticéad amháin é seo. £25 an ticéad - ticéid ar fail ón oifig Ghaelscoile.

**A BIG DAY OF CYCLING!**

Donna McFeely, from Sustrans, will lead a Pedal Ready / Cycle Skills training session with children from Key Stage 2 on Tuesday, 30th April. **Children who are participating must bring their own bicyles and helmets.** Go raibh maith agat.

**MAY – A BIG MONTH OF SPORT!**

May will be a great month of sport with the children having lots of opportunities to take part in a wide range of competitions.
KS2 girls have been invited to take part in the Lorna Moore Cup, camogie blitz, in Gortnaghy on Friday, 3rd May.
KS2 girls and boys will take part in the Father Gallagher Cup in Faughanvale on Friday, 10th May.
KS2 girls will take part in a football blitz in Glenullin Monday, 13th May, and they will also take part in a camogie blitz in Ballinascreen on Friday, 17th May.
KS2 boys will take part in a football blitz on Thursday, 23rd May, in Glenullin.
Corn na nGaelscoileanna will take place in Celtic Park, Derry on Friday, 31st May to celebrate the growth of Irish-medium education in Derry City. Both boys and girls will take part in this competition.
More information on above-mentioned events to come.

***PAMPER NIGHT!***

Cairde Neachtain are organising *a Pamper Night* to raise much needed funding for the Gaelscoil. A wide range of beauty treatments will be available on the night. **Choice of treatments must be booked in advance at 07856737898.** This relaxing event will take place on Monday, 13th May, in Halla Ghlór Dhún Geimhin, starting at 6 p.m. This is a ticket only event. Tickets are £25 – tickets available from the Gaelscoil office.

**TICÉID *PINK***

Tá Cairde Neachtain ag eagrú crannchur ar líne do dhá thicéad don cheolchoirm *Pink* i mBaile Átha Cliath Dé hAoine, 21 Meitheamh. £20 an ceann an uimhir. Feictear leathanach Facebook Cairde Neachtain, le do thoil, chun tuilleadh sonraí a fháil. Go raibh maith agat.

**Tá muid an-bhuíoch de Chairde Neachtain as an dá ócáid seo a eagrú.**

**PICNIC na dTEIDITHE**

Tá cuireadh á thabhairt ag páistí na Gaelscoile do pháistí na Naíscoile chuig Picnic Theidithe sa Ghaelscoil Déardaoin, 15 Bealtaine! Aimsir ceadaithe, beidh an phicnic ar siúl sa pháirc ach, mar mhalairt air sin, is féidir é a reáchtáil taobh istigh! Iarrtar ar thuismitheoirí na páistí a fhágáil ag an Ghaelscoil ar 9.30am agus iad a bhailiú arís ar 11.45 r.n. Chomh maith le taitneamh a bhaint as an phicnic, beidh páistí na Naíscoile páirteach i réimse imeachtaí le linn a gcuairte!

***AIRGEAD don BHRUSCAR***

Réidh le haghaidh glanadh an Earraigh? Tabhair dúinn do bhruscar, le do thoil! Tá Gaelscoil Neachtain páirteach sa tionscnamh *Cash for Clobber* ón bhliain 2018 agus tá An Coiste Glas ag iarraidh taca uait agus muid páirtech arís i mbliana. Tá an scéim ag iarraidh aitheantais a ardú faoi áthchúrsáil na teicstílí, go háirithe i measc páistí óga, agus aird a dhíriú ar an tábhacht atá leis an laghdú, leis an athúsáid agus leis an athchúrsáil. Saothraíonn an Ghaelscoil airgead fosta, ag brath ar an mhéid bruscair a thógtar! Beidh an bailiúchan ann **Dé Céadaoin, 22 Bealtaine, 8.00rn – 10.00rn. NÍ FÉIDIR GLACADH LE MÁLAÍ I nDIAIDH 10.00rn. DÉ CÉADAOIN, 22 BEALTAINE.** Pointe bhailiúcháin: clós uachtair, Gaelscoil Neachtain. **Cuirtear achan earra i mála plaisteach, le do thoil**

***PINK* TICKETS**

Cairde Neachtain are also organising an online draw for two tickets to the *Pink* concert in Dublin on Friday, 21st June. Numbers cost £20 each. Please see the Cairde Neachtain Facebook page for more details. Go raibh maith agat.

**We are very grateful to Cairde Neachtain for organising both these events.**

**TEDDY BEARS' PICNIC**

The Gaelscoil children are inviting the Naíscoil children to a Teddy Bears' picnic in the Gaelscoil on Thursday, 15th May! Weather permitting, the picnic will take place in the páirc / field, but, alternatively can be held indoors! Parents are asked to leave the children at the Gaelscoil at 9.30am and collect them again at 11.45am. As well as enjoying the picnic, the Naíscoil children will join the Rang 1 children in a range of activities during their visit!

***CASH for CLOBBER***

Ready for Spring cleaning?? Please give us your 'clobber!' Gaelscoil Neachtain has been involved in the *Cash for Clobber* initiative since 2018 and An Coiste Glas / Eco Committee is looking for your support as we get involved again this year. The scheme seeks to raise awareness of the recycling of textiles, particularly among young children, and to highlight the importance of reduction, re-use and recycling. The Gaelscoil also raises money, depending on how much 'clobber' is collected! The collection will be held **on Wednesday, 22nd May, 8.00am – 10.00am. BAGS CANNOT BE ACCEPTED AFTER 10.00am. WEDNESDAY, 22nd MAY.** Collection point: upper playground, Gaelscoil Neachtain. **All items to be placed in a plastic bag, please**

**SÓLAISTÍ CÉAD CHOMAOINEACH: IARRAIDH AR THACAÍOCHT.**

Beidh an Chéad Chomaoineach do pháistí Rang 4 ar siúl **Dé Sathairn, 25 Bealtaine, ar 11.00am.** Cuirfear sólaistí ar fáil ina dhiaidh sin sa Ghaelscoil. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, TÁIMID AG IARRAIDH AR THUISMITHEOIRÍ RANG 3 CUIDIÚ LEIS SEO, LE DO THOIL, agus, an bhliain seo chugainn, bainfidh tú tairbhe as an chineáltas céanna! Déanfar teagmháil le tuismitheoirí Rang 3 go luath maidir leis seo. Go raibh maith agat, roimh ré, as do thacaíocht.

**AN CLUB BRICFEASTA**

Tá An Club Bricfeasta ar oscailt gach maidin idir 8.15 – 8.45rn. Fáilte roimh achan pháiste. 40p an páiste an costas – **MÁ TÁ DO PHÁISTE AG FREASTAL AR AN CHLUB BRICFEASTA, IARRTAR ORT 40p A THABHAIRT, LE DO THOIL, MÁ TÁ SÉ LAISTIGH D'ACMHAINN.** Go raibh maith

Níl ball foirne ar fáil chun páistí a stiúradh sa Ghaelscoil roimh 8.15am. **Mar sin, ar mhaithe leis an tsábháilteacht, iarrtar ar thuismitheoirí GAN páistí a fhágáil ag an nGaelscoil ROIMH 8.15am.** Go raibh maith agat, roimh ré , as do chomhoibriú. Go raibh maith agat.

**SAOIRE na BEALTAINE**

**Beidh Gaelscoil agus Naíscoil Neachtain druidte do na páistí, 6 – 9 Bealtaine. Athosclóidh an Ghaelscoil agus an Naíscoil Dé hAoine, 10 Bealtaine. Go raibh maith agat.**

**LÁ SPÓRT**

Beidh Lá Spórt Ghaelscoil agus Naíscoil Neachtain ann Dé hAoine, 24 Bealtaine. Tuilleadh eolais le teacht. Go raibh maith agat.

**AN CHÉAD CHOMAOINEACH NAOFA**

Beidh An Chéad Chomaoineach Naofa ann le haghaidh pháistí Rang 4 **Dé Satharn, 25 Bealtaine ar 11.00rn.** Is é An Sagart Ó Ceallaigh a bheas ina cheiliúraí. Tuilleadh eolais le teacht. Go raibh maith agat.

**FIRST COMMUNION REFRESHMENTS: REQUEST FOR SUPPORT.**

First Holy Communion for children in Rang 4 will take place this year on **Saturday, 25th May, at 11.00am.** Refreshments will be provided afterwards in the Gaelscoil. As in previous years, WE ARE ASKING OUR RANG 3 PARENTS TO HELP WITH THIS, PLEASE, and, next year, you will benefit from the same kindness! Rang 3 parents will be contacted shortly regarding this. Thanking you, in advance, for your support.

**AN CLUB BRICFEASTA**

The Breakfast Club is open every morning from 8.15 – 8.45am. All children are welcome. The cost is 40p per child – **IF YOUR CHILD IS ATTENDING THE BREAKFAST CLUB, YOU ARE ASKED TO CONTRIBUTE 40p, PLEASE, IF IT IS WITHIN YOUR MEANS.** Go raibh maith agat.

Staff are not available to supervise children in the Gaelscoil before 8.15am. **Therefore, in the interests of safety, parents are asked NOT to leave their children at the Gaelscoil BEFORE 8.15am.** Thanking-you, in anticipation, for your co-operation. Go raibh maith agat.

**MAY HOLIDAY**

**Gaelscoil agus Naíscoil Neachtain will be closed to the children, 6th – 9th May. The Gaelscoil and Naíscoil will reopen on Friday, 10th May. Go raibh maith agat.**

**SPORTS DAY**

Gaelscoil and Naíscoil Neachtain's Sports Day will take place on Friday, 24th May. More information to come. Go raibh maith agat.

**FIRST HOLY COMMUNION**

First Holy Communion for Rang 4 children will take place on **Saturday, 25th May at 11.00am.** Fr. Kelly will be the celebrant. More information to come. Go raibh maith agat.

## AIFREANN AN LUCHT FÁGÁLA

Beidh **Aifreann an Lucht Fágála** ann le haghaidh pháistí Rang 7 **Déardaoin, 20 Meitheamh ar 11.00rn** in Eaglais Naomh Pádraig. Tuilleadh eolais le teacht. Go raibh maith agat.

## COSAINT AN PHÁISTE

***Is í Fionnuala Ní Dhufaigh Múinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Is í Róisín Mhic Thaidhg Leasmhúinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Má tá tú buartha faoi aon rud, gabh i dteagmháil le ceachtar acu láithreach bonn, le do thoil.***

## POLASAÍ FREASTAL

Iarrtar ar achan tuismitheoir Polasaí Freastal na Gaelscoile a léamh agus a leanstan, le do thoil. Tá an Polasaí ar fail ar shuíomh na Gaelscoile. Déantar freastal gach páiste a thaifeadadh dhá uair in aghaidh an lae – ar maidin agus um thráthnóna. **Tugtar fá dear, le do thoil: déantar neamhláithreacht a thaifeadadh má imíonn páiste ar bith (R.3 – R.7) ón scoil roimh 2.30in. Go raibh maith agat.**

## SCOIL a DHÍRÍONN AIRD AR AN RÉITEACH

Is scoil í Gaelscoil Neachtain a dhíríonn aird ar an réiteach. Tugtar faoi deara, le do thoil: **má bhíonn buaireamh nó gearán agat, iarrtar ort labhairt le múinteoir ranga an pháiste s'agatsa a luaithe agus is féidir, le do thoil.** Má tá buaireamh agat go fóill, iarrtar ort labhairt leis an Phríomhoide, le do thoil. MUNA BHFUIL FOIREANN na GAELSCOILE AR AN EOLAS FÁ ÁBHAR AR LEITH, NÍ THIG LINN TOISEACHT AR AN RÉITEACH. Tá an Córas Gearán le léamh ar shuíomh na Gaelscoile. Go raibh maith agat.

## LEAVERS' MASS

The **Leavers' Mass** for Rang 7 children will take place on **Thursday, 20th June at 11.00am** in St Patrick's Church. More information to come. Thank you.

## CHILD PROTECTION

***Fionnuala Ní Dhufaigh is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg is the Deputy Designated Teacher for Child Protection. If you have any concerns, please contact either of them immediately***

## ATTENDANCE POLICY

All parents are asked, please to read, and to follow, the Gaelscoil's Attendance Policy. The Policy is available on the Gaelscoil website. Go raibh maith agat.

Every child's attendance is recorded twice daily – morning and afternoon. **Please note: an absence is recorded for any child (R.3 – R.7) leaving school before 2.30pm. Go raibh maith agat.**

## A SOLUTION BASED SCHOOL

Gaelscoil Neachtain is a solution based school. Please note: **if you have a concern or complaint, you are asked to speak to your child's class teacher, as soon as possible, please.** If you still have a concern, you are asked to speak to the Principal, please. IF GAELSCOIL STAFF ARE NOT AWARE OF A PARTICULAR ISSUE, WE CANNOT BEGIN TO RESOLVE IT. Our Complaints Procedure is available to read on the Gaelscoil website. Go raibh maith agat.